



## Nuachtlitir an tSamhraidh 2016

### Cairde Na Scoile

Agus muid ag druidim i dtreo deireadh na bliana, ba mhaith le Cairde na scoile buíochas ollmhór a ghabháil libh as an dtacaíocht a léirigh sibh dár n-imeachtaí i rith na bliana.

D'éirigh linn sa scoilbhliain 2017/2018, €15,000 a thiomsú idir imeachtaí éagsúla: Dioscó Oiche Shamhna, Cartáí Nollag, 3 Bhailiú Éadaí, agus ár ndóigh, an Cath Bheolbheachtaithe. D'éirigh go hiontach leis an ócáid seo agus bailíodh €11,000 dá bharr. Mar gheall ar na hócáidí seo, táimid in ann cur le fearas na scoile idir Spórt, Ceol agus Fuaim gan trácht ar airgead a chur ar leataobh don naíonra.

Murach an tacaíocht iontach uaibhse, ní bheadh an rath céanna ar na hócáidí seo. Ba bhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le lucht ghnó áitiúil, an-chuid tuismitheoirí san áireamh, as urraíocht a dhéanamh ar an gCath Bheolbheachtaithe, ach go háirithe.

Ár mbuíochas le Séamus, Linda agus an fhoireann go léir as a gcuid tacaíochta agus cabhrach i rith na bliana.

#### **Bailiú Éadaí**

Baileofar na héadaí Dé Máirt, an 12-06-18 ar maidin.

#### **Scoil Críochnaithe!**

Beidh oíche amuigh do thuistí ann ar an Aoine, an 29-06-18. Áit le cinntiú. Coinnigh an dáta saor agus coinneigh súil ar Facebook.

#### **Searmanas Fágála 2018**

Ba mhaith linn gach rath a ghuí ar dhaltaí Rang 6. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil lena dtuismitheoirí as a dtacaíocht agus a rannpháirtíocht thar na blianta. Caithfidimid slán faoi leith a fhágáil ag tuismitheoirí arbh é seo an bhliain dheireannach dá bpáistí i GSBB. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an Searmanas ar an gCéadaoin, an 27-06-18.

#### **Ag Tnúth le 2018/2019**

Beidh **Cruinniú Cinn Bliana Chairde ar siúl Dé Máirt, an 11-09-18 ag 8in.** cuirfear tuairisc an chathaoirligh agus tuairisc an chisteora faoi bhráid an chruinnithe. Fáilte roimh chách.

\*\*\*\*\*

Go raibh míle maith agaibh go léir. Tá súil againn go mbeidh samhradh iontach agaibh agus taimid ag súil le sibh a fheiceáil arís Meán Fómhair!

*Coiste Chairde na Scoile*